



Dé Luain, an 29 Samhain 2021

Manchester United

Chaill Man United cluiche sacair i gcoinne Watford. An scór deireanach sa chluiche ná 4-1 go Watford.

Chaill siad rud eile chomh maith, an bainisteoir. Chaill Ole Gunnar Solskjaer a phost.

Ba é Ole an bainisteoir ar feadh níos mó ná dhá bhliain. Thosaigh sé amach go maith, ach níor imir Man United go maith le déanaí, sin an fáth ar chaill sé a phost.

Anois tá bainisteoir nua ag teastáil ó Man United. Tá cúpla rogha acu; Zinedine Zidane, Brendan Rodgers, agus Mauricio Pochettino. Ach tá cuma ar an scéal go mbeidh Ralf Rangnick i gceannas ar an bhfoireann go dtí go dtiocfaidh siad ar bhainisteoir buan.



Seo é Ole Gunnar Solskjaer



Cé hé an fear seo?



Late Late Toy Show

Bhí an Late Late Toy Show ar siúl Dé hAoine. Is clár iontach é don Nollaig.

Tagann a lán páistí chun súgradh le bréagáin. Labhraíonn siad faoi leabhair do pháistí freisin.

Chuir níos mó ná 40,000 duine iarratas isteach chun páirt a ghlacadh sa chlár. Féachann níos mó ná 1.7 milliún duine ar an gclár gach bliain.

Is é Ryan Tubridy an láithreoir. Ar bhreathnaigh tusa ar an Late Late Toy Show an Aoine seo caite?

Toitcheo in Dehli

Dhún scoileanna in Delhi san India mar tá truailliú aeir ann. Tá an truailliú aeir seo nó an toitcheo an-dainséarach.

Tá ceimiceáin sa toitcheo nach bhfuil go maith do dhaoine. Tá na ceimiceáin sin níos lú ná píosa gruaige!

Tagann go leor tinneas ón toitcheo. Éiríonn na fadhbanna níos measa sa gheimhreadh.

Mar gheall ar an dainséar dhún an Rialtas na scoileanna agus rudaí eile freisin. Dúirt siad 'caithfidh muid stop a chur leis an trácht nach bhfuil tábhachtach'.

Anois beidh ar a lán daoine obair ón mbaile.



Tá toitcheo sa ghrianghraf seo



Delhi